Bealtaine 2017/QP.19-V1.0 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Gnásanna le haghaidh Athbhreithnithe Fócasaithe ó QQI ar Fheidhmiú agus Éifeachtúlacht Gnásanna DC de chuid Soláthraithe

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1 FORLÉARGAS ..... 3

2 GNÁSANNA ..... 4

**2.1** Fógra don Soláthraí go dTionscnóidh QQI Athbhreithniú Fócasaithe ..... 5

**2.2** Téarmaí Tagartha a Cheapadh ..... 5

**2.3** Dul i gComhairle le hÚdaráis Ábhartha Eile ..... 6

**2.4** Foireann an Athbhreithnithe a Cheapadh ..... 6

2.4.1 Ról QQI san Athbhreithniú ..... 7

**2.5** Ráiteas Soláthraí ar Chur i bhFeidhm DC ..... 7

2.5.1 Ráiteas Cur Chun Feidhme DC an tSoláthraí a Ullmhú ..... 8

2.5.2 Ábhar Ráiteas Cur Chun Feidhme DC an tSoláthraí ..... 8

2.5.3 Ráiteas Cur Chun Feidhme DC an tSoláthraí a Chur Isteach chuig Foireann an Athbhreithnithe ..... 9

**2.6** Breithniú Fhoireann an Athbhreithnithe ar Dhoiciméid an tSoláthraí ..... 9

**2.7** An Cruinniú Athbhreithnithe agus / nó Cuairt(eanna) ar an Láithreán ..... 10

**2.8** Tuarascála an Athbhreithnithe ..... 11

**2.9** Freagairt an tSoláthraí ..... 11

**2.10** Breithniú QQI ar Thorthaí an Athbhreithnithe ..... 11

**2.11** Ceadú Ghnásanna DC a Tharraingt Siar ..... 12

**2.12** Doiciméid an Athbhreithnithe a Fhoilsiú ..... 12

**2.13** Obair Leantach tar éis an Athbhreithnithe ..... 12

**2.14** Achomharc ..... 12

# 1 FORLÉARGAS

Leagtar amach sa doiciméad seo amach na gnásanna a chuirfidh QQI i bhfeidhm agus ***athbhreithniú fócasaithe*** á dhéanamh aige ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht gnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí.

Déantar athbhreithniú fócasaithe ar an leibhéal institiúideach ar mhaithe le:

- **cinneadh** a dhéanamh go bhfuil na gnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú ag soláthraí faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 curtha i bhfeidhm;
- **measúnú** a dhéanamh ar a éifeachtaí atá gnásanna inmheánacha dearbhaithe cáilíochta ar mhaithe le cáilíocht an bhreisoideachais, na hoiliúna agus seirbhísí gaolmhara a bhunú, a fháil amach, a chothabháil agus a fheabhsú; agus
- **deimhniú** gur cloíodh le treoracha a d'eisigh QQI roimhe seo maidir le héifeachtúlacht gnásanna DC an tsoláthraí.

Mar atá leagtha amach i mBeartas QQI maidir le h*Athbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais*, féadfaidh QQI athbhreithniú fócasaithe a dhéanamh ar ghnásanna DC soláthraí ó am go chéile, de réir mar a mheasann sé a bheith cuí, nó mar fhreagra ar imní a cuireadh faoina bhráid maidir le cur i bhfeidhm agus éifeachtacht gnásanna DC soláthraí (Alt 34(1)(b) d'Acht 2012). Féadfar athbhreithniú fócasaithe a dhéanamh i gcomhthráth

le hathbhreithnithe faoi ailt eile d'Acht 2012, de réir mar a mheasann QQI a bheith riachtanach agus cuí. (Le tuilleadh eolais a fháil ar na cineálacha údar imní a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hathbhreithniú institiúideach fócasaithe, féach beartas QQI ar mhonatóireacht.)

Féadfaidh soláthraí é féin a iarraidh ar QQI athbhreithniú **fócasaithe** a dhéanamh ar a ghnásanna DC.

Ní hionann athbhreithniú fócasaithe agus athbhreithniú timthriallach institiúideach. Tá athbhreithnithe timthriallacha sainordaithe in Acht 2012 agus bunaíonn QQI gnásanna le haghaidh athbhreithnithe den sórt sin ó am go chéile. Féadfaidh soláthraithe a chuaigh faoi athbhreithniú fócasaithe dul faoi athbhreithniú timthriallach fós ar a ngnásanna DC de réir bheartas QQI.

# 2 GNÁSANNA

Déantar athbhreithnithe ar ghnásanna DC soláthraithe faoi Alt 34 d'Acht 2012. Tá siad bunaithe ar phrionsabail a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus atá aitheanta le haghaidh athbhreithnithe agus comhlíonann siad, nuair is cuí, Cuid 2 de na *Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa*[1] (ESG).

Áireofar na gnéithe seo a leanas in ***athbhreithnithe fócasaithe*** a dhéanfar ar ghnásanna DC soláthraí:

1. Fógra foirmiúil a thabhairt do sholáthraí go bhfuil athbhreithniú fócasaithe ar a ghnásanna DC á thionscnamh ag QQI agus go bhfuil téarmaí tagartha á gceapadh chuige sin.
2. Téarmaí tagartha a cheapadh don athbhreithniú, a chuirfear in iúl don soláthraí roimh an athbhreithniú. Cinnfear uainiú fhoilsiú na dtéarmaí tagartha ar bhonn aonair, ach ar aon chuma foilseofar é in éineacht leis an tuarascáil deiridh ag deireadh an phróisis athbhreithnithe.
3. Comhairliúchán QQI leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA), áit a dtairgeann an soláthraí atá faoi athbhreithniú cláir as a leanann dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna. Nuair is cuí, rachaidh QQI i gcomhairle le SOLAS i gcás ina dtairgeann an soláthraí atá faoi athbhreithniú cláir as a leanann dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna.
4. Sainfhoireann athbhreithnithe neamhspleách (ar QQI agus ar an soláthraí) a cheapadh.
5. Ráiteas soláthraí doiciméadaithe ar chur i bhfeidhm DC ("an Ráiteas Soláthraí" anseo feasta), ina ndírítear ar théarmaí tagartha an athbhreithnithe.
6. Breithniú fhoireann an athbhreithnithe ar an Ráiteas Soláthraí agus aon bhearnaí agus / nó faisnéis bhreise a theastaíonn ó fhoireann an athbhreithnithe a aithint
7. Measúnú ar na doiciméid a cuireadh isteach agus cruinniú leis an soláthraí (lena n-áirítear cuairt ar an láthair, b'fhéidir) ó fhoireann an athbhreithnithe.
8. Tuarascáil athbhreithnithe a chur i dtoll a chéile, ina mbeidh torthaí agus moltaí ó fhoireann an athbhreithnithe
9. Deimhniú ón soláthraí maidir le cruinneas fíorasach na tuarascála agus freagra a ullmhú ar thuarascáil fhoireann an athbhreithnithe, lena n-áirítear plean le fráma ama chun aon athruithe a mholtar a chur i bhfeidhm, más cuí.
10. Breithniú QQI ar thuarascáil fhoireann an athbhreithnithe agus ar fhreagra an tsoláthraí. Féadfaidh QQI treoracha a eisiúint do sholáthraí de bhun an athbhreithnithe.
11. I gcás ina mbeartaítear ceadú do ghnásanna DC soláthraí a tharraingt siar, deis don soláthraí tuairimí a chur faoi bhráid QQI ar na cúiseanna atá tugtha leis an tarraingt siar atá beartaithe.
12. Foilsiú na dtéarmaí tagartha (murar foilsíodh cheana iad), tuarascáil fhoireann an athbhreithnithe, freagra an tsoláthraí agus aon treoracha nó conclúidí eile arna n-eisiúint ag QQI ar chríoch an athbhreithnithe.
13. Amlíne agus próiseas a chomhaontú leis an soláthraí maidir le haon treoracha a tugadh nó aon mholtaí a rinneadh le linn an athbhreithnithe.
14. Próiseas reachtúil achomharc do sholáthróirí.

1. Tá an ESG ar fáil ar www.enqa.eu

Cé go mbainfidh na gnásanna seo le gach athbhreithniú fócasaithe ar ghnásanna DC soláthraí, beidh sonraí na socruithe i ngach cás comhréireach le comhthéacs agus téarmaí tagartha an tsoláthraí agus an athbhreithnithe i dtrácht.

**Ní dhéanfar athbhreithniú a fhoirceannadh ar an ábhar gur theip ar sholáthraí comhoibriú le QQI maidir le seoladh an athbhreithnithe, mar shampla, mura gcuireann sé a Ráiteas Soláthraí nó fianaise eile isteachlaistigh de thréimhsí ama comhaontaithe nó socraithe nó mura n-éascaítear cruinnithe agus cuairteanna ar shuíomhanna mar atá sonraithe sna téarmaí tagartha. Ina ionad sin, leanfar leis an athbhreithniú ar bhonn na fianaise is féidir a fháil amach agus ar na gnéithe de na gnásanna athbhreithnithe is féidir a éascú.**

Baineann táille le hathbhreithnithe fócasaithe ar ghnásanna DC soláthraí arna seoladh ag QQI agus ní mór í a íoc laistigh de mhí amháin ó chríoch an athbhreithnithe.[2]

## 2.1 FÓGRA DON SOLÁTHRAÍ GO DTIONSCNÓIDH QQI ATHBHREITHNIÚ FÓCASAITHE

Cuirfidh QQI in iúl go foirmiúil do sholáthraí go dtionscnóidh sé athbhreithniú fócasaithe ar ghnásanna DC an tsoláthraí agus go bhfuil téarmaí tagartha á gceapadh. Féadfaidh QQI bualadh leis an soláthraí chun an próiseas athbhreithnithe agus na hamlínte a bhfuiltear ag súil leo a phlé.

## 2.2 TÉARMAÍ TAGARTHA A CHEAPADH

Dréachtófar téarmaí tagartha a bhaineann go sonrach leis an soláthraí aonair agus a gcomhthéacs i gcás gach athbhreithnithe. Cuirfear na téarmaí tagartha faoi bhráid an tsoláthraí dá thuairimí roimh an athbhreithniú. Cuirfear aiseolas ón soláthraí san áireamh nuair is cuí.

Leagfar amach sna téarmaí tagartha:

- Cúlra agus comhthéacs an athbhreithnithe
- An bonn reachtúil leis an athbhreithniú
- Cuspóir an athbhreithnithe agus aon ábhair imní atá le breithniú ag foireann an athbhreithnithe
- Na critéir don athbhreithniú (m.sh. treoirlínte ábhartha reachtúla DC arna bhfoilsiú ag QQI agus aon bheartas agus critéir ábhartha eile)
- Na gníomhaireachtaí agus na forais eile a ndeachaigh QQI i gcomhairle leo sular cuireadh tús leis an athbhreithniú
- Na gnásanna agus amlíne tháscach don athbhreithniú. Cuirfear comhthéacs an tsoláthraí agus na saincheisteanna atá á mbreithniú san áireamh agus an fráma ama don athbhreithniú á chinneadh.

2. Gheofar tuilleadh eolais ar tháillí infheidhme ag: http://www.qqi.ie/Publications/Schedule_of_Fees_July_2014.pdf

## 2.3 DUL I GCOMHAIRLE LE HÚDARÁIS ÁBHARTHA EILE

I gcás ina dtairgeann an soláthraí a bheidh ag dul faoi athbhreithniú cláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí ardoideachais, rachaidh QQI i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú. Nuair is cuí, rachaidh QQI i gcomhairle le SOLAS i gcás ina dtairgeann an soláthraí atá faoi athbhreithniú cláir as a leanann dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna.

## 2.4 FOIREANN AN ATHBHREITHNITHE A CHEAPADH

QQI a cheapfaidh foireann an athbhreithnithe. Mar is amhlaidh i gcás gach athbhreithnithe a sheolann QQI, beidh foireann an athbhreithnithe comhdhéanta de shaineolaithe neamhspleácha a mbeidh a gcomhairle neamhchlaonta agus chiallmhar mar bhonn eolais do chinneadh QQI ar thorthaí athbhreithnithe. Cé gur QQI a cheapann foireann an athbhreithnithe, ní dhéanfaidh QQI iarracht tionchar a imirt ar thoradh athbhreithnithe agus

tugtar deis do sholáthraithe sula gceaptar foireann an athbhreithnithe aird a tharraingt ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní fostaithe de chuid QQI a bheidh i mbaill fhoireann an athbhreithnithe. Féadfaidh ball d'fheidhmeannas QQI gníomhú mar rúnaí ar fhoireann an athbhreithnithe agus/nó cuairt fhoireann an athbhreithnithe ar an soláthraí a bhreathnú. Áit arb é QQI rúnaí fhoireann an athbhreithnithe, gníomhóidh sí chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt d'fhoireann an athbhreithnithe ina cuid gníomhaíochtaí, a bheidh neamhchlaonta agus neamhspleách ar thionchar QQI i gcónaí. Iarrfar ar an soláthraí agus ar chomhaltaí fhoireann an athbhreithnithe molta araon aon choinbhleachtaí leasa a dhearbhú, agus cinnfidh QQI cibé an mbaineann siad seo leis an athbhreithniú. Ar an mbealach seo, cinnteoidh QQI go roghnófar foireann athbhreithneoirí a bheidh oiriúnach agus neamhspleách go hiomlán. Is é QQI a thabharfaidh an ceadú deireanach maidir le comhdhéanamh gach foirne athbhreithnithe.

Déanfaidh QQI gach iarracht a chinntiú go bhfuil ionadaíocht inscne chuí ar phainéal bhaill fhoireann an athbhreithnithe.

**Comhdhéanamh Fhoireann an Athbhreithnithe:** Cinnfear líon na mball foirne athbhreithnithe a dhéanfaidh athbhreithniú ar bhonn cáis ag féachaint do chomhthéacs aonair an tsoláthraí agus do na hábhair imní (más ann dóibh) atá á imscrúdú. Beidh foireann an athbhreithnithe comhdhéanta d'athbhreithneoirí a roghnófar, a oilfear agus a gcuirfear mionteagasc orthu go cúramach, a bhfuilna scileanna, an taithí agus an inniúlacht acu cuí acu chun an t-athbhreithniú a dhéanamh. Oibreoidh an fhoireann an athbhreithnithe faoi cheannas chathaoirleach an athbhreithnithe. Beidh gnáthfhoireann athbhreithnithe comhdhéanta de:

- **cathaoirleach** an athbhreithnithe – athbhreithneoir atá ina cheannaire sinsearach (ceannaire reatha nó iarcheannaire) laistigh de sholáthraí den chineál céanna atá faoi athbhreithniú (m.sh. soláthraí breisoideachais agus oiliúna (BOO); soláthraí ardoideachais agus oiliúna (AOO), eagraíocht Bhéarla (EB) etc.). I gcás soláthraithe a thairgeann HET, de ghnáth beidh taithí ag an gCathaoirleach mar Uachtarán/Cláraitheoir nó mar Leas-Uachtarán;
- athbhreithneoir a bhfuil taithí agus tuiscint aici/aige ar DC ó sholáthraí atá cosúil leis an gceann atá faoi athbhreithniú; agus
- ionadaí mac léinn roghnaithe ó sholáthraí den chineál céanna leis an gceann atá faoi athbhreithniú.

Féadfar athbhreithneoirí eile a cheapadh, de réir mar is cuí, ag brath ar na saincheisteanna atá le breithniú, mar atá leagtha amach sna téarmaí tagartha. Déanfar prionsabail na hinniúlachta agus an neamhspleáchais a fheidhmiú agus foireann an athbhreithnithe á ceapadh.[3] Ní bheidh aon ról ag an soláthraí i gceapadh fhoireann an athbhreithnithe, seachas a dhearbhú nach bhfuil aon choinbhleachtaí leasa ann, agus ní dhéanfaidh sé idirchaidreamh díreach le foireann an athbhreithnithe ach amháin ag an gcruinniú ainmnithe idir foireann an athbhreithnithe agus an Soláthraí.

### 2.4.1 RÓL QQI SAN ATHBHREITHNIÚ

I gcomhréir leis na feidhmeanna atá leagtha amach san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, déanfaidh QQI:

- Téarmaí tagartha don athbhreithniú a cheapadh agus a fhoilsiú
- Teagmháil a dhéanamh le baill fhoireann an athbhreithnithe, iad a dheimhniú agus a cheapadh
- Dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí, forais eile de réir mar is cuí
- An próiseas athbhreithnithe a phleanáil agus a éascú
- Gach doiciméad ábhartha a chur ar fáil d’fhoireann an athbhreithnithe.
- Tacú le gníomhaíochtaí athbhreithnithe fhoireann an athbhreithnithe agus comhairle a thabhairt don fhoireann maidir le critéir agus beartas
- Gníomhú mar phointe teagmhála idir foireann an athbhreithnithe agus an soláthraí
- Cuairteanna a eagrú i gcomhar le foireann an athbhreithnithe agus leis an soláthraí
- Ionduchtú a sholáthar d’fhoireann an athbhreithnithe
- Comhairle dlí a lorg, nuair is gá
- Tuarascáil a ullmhú do cheadú fhoireann an athbhreithnithe
- Cóip den tuarascáil a chur ar fáil don soláthraí, ina gcuirtear in iúl go bhféadfaidh an soláthraí, laistigh de mhí amháin, aon tuairimí i scríbhinn a chur isteach chuig QQI. Nuair is ábhartha, breithneoidh QQI agus foireann an athbhreithnithe aon tuairimí scríofa a dhéanfar; déanfar aon leasuithe ar an tuarascáil a mheasann QQI agus an fhoireann a bheith cuí, bunaithe ar na tuairimí a fuarthas; cuirfear cóip den tuarascáil deiridh ar fáil don soláthraí agus foilseofar an tuarascáil (lena n-áirítear tuairimí an tsoláthraí)
- Sceideal a aontú leis an soláthraí le haghaidh obair leantach ar aon mholtaí a dhéantar nó treoracha a eisítear de bhun an athbhreithnithe.

## 2.5 RÁITEAS SOLÁTHRAÍ AR CHUR I BHFEIDHM DC

Cumfaidh an soláthraí Ráiteas Soláthraí ina leagfar amach an chaoi a ndearbhaíonn sé agus a fheabhsaíonn sé cáilíocht a ghníomhaíochtaí teagaisc, foghlama, taighde agus seirbhíse. Díreofar sa Ráiteas Soláthraí aghaidh ar aon saincheisteanna ar leith a aithnítear i dtéarmaí tagartha an athbhreithnithe.[4]

3. Féach Bheith páirteach i bPainéal Meastóireachta mar Phiar-athbhreithneoir (QQI (2015)): Treoirlínte le haghaidh tuilleadh faisnéise.
4. Gníomh ar leith ó ghníomhaíocht mhonatóireachta QQI is ea athbhreithnithe fócasaithe a dhéantar faoi Alt 34 d’Acht 2012, ach féadfar iad a thionscnamh mar thoradh ar mhonatóireacht den sórt sin. Is éard atá sa Ráiteas Soláthraí, dá dtagraítear sna gnásanna seo, féinmheastóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht gnásanna dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí, atá le hullmhú ag an soláthraí agus le cur isteach mar chuid den athbhreithniú. Déanfar an Ráiteas a chumadh le tagairt do na téarmaí tagartha don athbhreithniú. Rud ar leith is ea an Ráiteas Soláthraí, difriúil ón bhféinmheastóireacht ar chláir soláthraí a bhféadfadh taithí a bheith ag soláthraithe FET orthu, agus ar an bhféinmheastóireacht níos leithne a theastaíonn faoi athbhreithnithe timthriallacha ar DC.

Is iad an Ráiteas Soláthraí, mar aon leis na téarmaí tagartha, na príomhdhoiciméid a úsáideann foireann an athbhreithnithe. Soláthraíonn sé seo an fhianaise dhoiciméadaithe, nó tagairtí d'fhianaise, d'fhoireann an athbhreithnithe chun tacú le maímh go bhfuil gnásanna éifeachtacha DC curtha i bhfeidhm ag an soláthraí. Is féidir foinsí eile fianaise a chur leis an Ráiteas Soláthraí de réir mar is cuí. Tar éis an Ráiteas Soláthraí a fháil, féadfaidh foireann an athbhreithnithe faisnéis bhreise a iarraidh de réir mar is gá.

### 2.5.1 RÁITEAS CUR CHUN FEIDHME DC AN TSOLÁTHRAÍ A ULLMHÚ

Tá sé de fhreagracht ar gach soláthraí a phróiseas córasach agus criticiúil féin a cheapadh chun an Ráiteas Soláthraí a chumadh. Agus a Ráiteas Soláthraí á ullmhú ba cheart don soláthraí aird ghéar a thabhairt ar chuspóirí an athbhreithnithe agus ar na critéir atá leagtha amach sna téarmaí tagartha.

### 2.5.2 ÁBHAR RÁITEAS CUR CHUN FEIDHME DC AN TSOLÁTHRAÍ

**Is í príomhfheidhm an Ráitis Soláthraí feidhmíocht an tsoláthraí a shonrú maidir le gach cuspóir atá leagtha amach sna téarmaí tagartha ('ToR'). Ba chóir an freagra ar gach cuspóir sa ToR a mharcáil go soiléir agus a aibhsiú sa Ráiteas Soláthraí, agus an bhéim á leagan ar conas a léirítear go ndearna an soláthraí meastóireacht ar éifeachtacht gnásanna DC an tsoláthraí i gcomparáid leis an gcuspóir. Ba cheart don soláthraí a thuairim féin ar a éifeachtacht a leagan amach faoi gach fo-cheannteideal agus bunús na tuairime sin a chur in iúl, lena n-áirítear tagairtí d'fhianaise agus d'ábhair tacaíochta.**

Is é cuspóir an Ráitis Soláthraí dóthain faisnéise agus fianaise a sholáthar d'fhoireann an athbhreithnithe chun éifeachtacht an dearbhaithe cáilíochta ón soláthraí a mheas. Féadfaidh na gnéithe seo a leanas a bheith sa Ráiteas Soláthraí (cé nach gá go mbeidís san ord seo) nuair is cuí:

- Cur síos gairid ar:
  - comhthéacs an tsoláthraí
  - socruithe compháirtíochta an tsoláthraí
  - conas a cuireadh an Ráiteas Soláthraí i dtoll a chéile.
- Míniú gairid, soiléir agus simplí ar:
  - rialachas, beartais agus gnásanna inmheánacha DC an tsoláthraí féin
- Díriú ar aon chuspóirí eile atá leagtha amach sna téarmaí tagartha agus aon fhoinsí breise fianaise a iarrann an ToR nó foireann an athbhreithnithe a chur isteach.

Ba cheart go leanfadh conclúidí as Ráiteas an tSoláthraí maidir le:

- Feidhmíocht an tsoláthraí maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach sna téarmaí tagartha
- Éifeachtacht iomlán agus aonair gnásanna DC an tsoláthraí

Féadfaidh innéacs do dhoiciméid tacaíochta agus d'fhianaise bhreise a chuimsiú sa Ráiteas Soláthraí, nuair is cuí.

Tá sé de fhreagracht ar gach soláthraí an fhormáid is oiriúnaí dá Ráiteas Soláthraí féin a chinneadh, ag cur a phróifíl agus a chomhthéacs agus na

téarmaí tagartha don athbhreithniú san áireamh. Toisc go mbeidh ToR ar leith ann i ngach athbhreithniú ag brath ar an soláthraí atá i gceist agus aon imní nó saincheisteanna atá á scrúdú, ní féidir le QQI teimpléad a oireann do chách a chruthú don Ráiteas Soláthraí. Mar sin féin, soláthróidh QQI, i gcomhar le foireann an athbhreithnithe, aon soiléirithe a theastaíonn ón soláthraí chun an Ráiteas a chomhlánú. Ceanglaítear ar an soláthraí ráiteas cuimsitheach ach gonta a sholáthar (faoi bhun 30 leathanach de ghnáth – gan aguisíní san áireamh)

Féadfaidh an soláthraí iarscríbhinní eile a chur san áireamh, ach ba cheart líon agus fad na n-iarscríbhinní sin a theorannú don mhéid a mheasann an soláthraí a bheith fíor-riachtanach chun

tacú leis na dearbhuithe agus leis an argóint sa ráiteas. Ba cheart go mbeadh baint ag aon fhaisnéis bhreise le príomhchuspóirí agus critéir an athbhreithnithe agus ba cheart go soláthrófaí innéacs dóibh. Ba cheart go léireodh an t-innéacs ábharthacht an ábhair go soiléir agus é a nascadh go sainráite leis an Ráiteas agus le cuspóirí agus critéir an athbhreithnithe. Ní mór cóipeanna leictreonacha de na doiciméid go léir a chur isteach.

### 2.5.3 RÁITEAS AN TSOLÁTHRAÍ AR CHUR I BHFEIDHM DC A CHUR FAOI BHRÁID FHOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Ba cheart do cheann an tsoláthraí an Ráiteas Soláthraí a léamh agus a fhormhuiniú sula seoltar chuig QQI é. Is deimhniú é seo gur ghlac an fhoireann bhainistíochta shinsearach leis an Ráiteas Soláthraí mar léiriú cruinn ar an gcur chuige institiúideach maidir le dearbhú cáilíochta. Ba chóir don soláthraí a chinntiú freisin go gcuirtear an Ráiteas Soláthraí ar fáil do gach ball foirne nó mac léinn a bhuailfidh le foireann an athbhreithnithe.

Ceanglaítear ar an soláthraí an Ráiteas Soláthraí a chur isteach (go leictreonach) chuig QQI ar nó roimh an dáta atá leagtha amach sna téarmaí tagartha. Nuair a gheofar é, déanfar an Ráiteas Soláthraí a dháileadh ar chomhaltaí fhoireann an athbhreithnithe. Beidh meas ag QQI agus ag foireann an athbhreithnithe ar rúndacht an ráitis agus ar an bhfaisnéis atá ann. Tá fáilte roimh an soláthraí freisin an Ráiteas Soláthraí agus aguisíní a chur ar fáil trí shaoráid inlín atá cosanta ag pasfhocal don athbhreithniú.

## 2.6 BREITHNIÚ FHOIREANN AN ATHBHREITHNITHE AR DHOICIMÉID AN TSOLÁTHRAÍ

Tar éis an Ráiteas Soláthraí ar fheidhmiú DC a fháil, tionólfaidh foireann an athbhreithnithe cruinniú pleanála. Tabharfaidh an cruinniú seo deis d'fhoireann an athbhreithnithe freagairtí, tuairimí agus dearcthaí a chomhroinnt bunaithe ar an Ráiteas Soláthraí a bheidh faighte go hidéalach 2 sheachtain ar a laghad roimh an gcruinniú pleanála. Féadfaidh foireann an athbhreithnithe bearnaí a aithint sna doiciméid a fuarthas go dtí seo agus iarraidh ar an soláthraí aon nithe a shoiléiriú agus nó ábhar breise a chur isteach ag an am seo. Tabharfar dóthain ama do sholáthraithe le doiciméid den sórt sin a ullmhú agus a chur isteachroimh an gcruinniú le foireann an athbhreithnithe. Féadfaidh QQI doiciméid bhreise a chur ar fáil d'fhoireann an athbhreithnithe freisin. Roinnfear na doiciméid sin leis an soláthraí.

## 2.7 AN CRUINNIÚ ATHBHREITHNITHE AGUS / NÓ CUAIRT(EANNA) AR AN LÁITHREÁN

Áireofar san athbhreithniú cruinniú amháin ar a laghad idir foireann an athbhreithnithe agus an soláthraí agus d'fhéadfadh cuairt láithreáin ar áitreabh an tsoláthraí a bheith san áireamh, cé go bhféadfadh go mbeadh gá le níos mó ná cuairt amháin i gcásanna áirithe. Bíonn roinnt príomhfheidhmeanna leis an gcruinniú athbhreithnithe seo nó ag an gcuairt láithreáin:

- cur ar chumas fhoireann an athbhreithnithe na tuairimí a fuarthas ón bhfaisnéis réamhchuairte a roinnt, duine le duine;
- fianaise a bhailiú agus a iniúchadh, i gcruinnithe agus in agallaimh le príomhbhaill foirne, ar staid reatha ghnásanna DC an tsoláthraí;
- eolas a thiomsú agus ábhar a tháirgeadh a úsáidfear sa dréacht-tuarascáil.
- eolas breise a chur ar fáil do réamhchinntí fhoireann an athbhreithnithe agus iad sin a chur in iúl go pearsanta;
- aon réimsí dea-chleachtais atá le moladh agus aon mholtaí le haghaidh feabhsúcháin a aithint

Leagfar amach sceideal an chruinnithe/na gcruinnithe athbhreithnithe chun deis a thabhairt d'fhoireann an athbhreithnithe bualadh le grúpa measctha foirne (acadúil agus neamhacadúil) agus le mic léinn ó gach cuid d'eagraíocht an tsoláthraí. Ba chóir go mbeadh na mic léinn agus an fhoireann réidh le malartú oscailte macánta a bheith acu le foireann an athbhreithnithe.

Faoi rún a eagrófar gach cruinniú idir foireann an athbhreithnithe agus iad siúd a bheith i láthair, agus ní cheadaítear d'aon bhall eile d'fhoireann an tsoláthraí a bheith i láthair, fiú mar bhreathnóirí nó chun miontuairiscí a bhreacadh síos. Táthar ag súil go ndéanfaidh soláthraithe cumarsáid le foireann an athbhreithnithe ag an gcruinniú tríd an bhfoireann ábhartha agus ní trí ionadaithe dlíthiúla. Coimeádfaidh an Cathaoirleach smacht docht ar an gcruinniú ó thaobh ama de.

Cé gur chóir don soláthraí gach iarracht a dhéanamh chun go mbeidh ar chumas fhoireann an athbhreithnithe casadh ar ghrúpa éagsúil daoine, is féidir, de bharr neamhréiteach dialainne nó réamhshocruithe go mbeadh daoine as láthair le linn na cuairte ar an láithreán. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh QQI idirchaidreamh leis an soláthraí chun deiseanna eile a shocrú le go bhféadfadh an duine/na daoine sin cur leis an athbhreithniú. D'fhéadfaí é seo a dhéánamh trí fhísghlaonna nó trí ghlaonna teileachomhdhála, Skype nó

comhfhreagras ríomhphoist. Más gá an cur chuige seo, déanfar an malartú tuairimí roimh lá deiridh na cuairte athbhreithnithe. Nuair is féidir, glacfaidh beirt bhall d'fhoireann an athbhreithnithe páirt agus déanfaidh siad nóta den mhalartú, a bheith le comhroinnt le baill eile fhoireann an athbhreithnithe.

Cloífidh foireann an athbhreithnithe leis an gclár atá comhaontaithe ag an gCathaoirleach.

Féadfaidh QQI freastal ar chruinnithe le linn na cuairte athbhreithnithe chun stóinseacht an phróisis athbhreithnithe a chinntiú.

## 2.8 TUARASCÁLA AN ATHBHREITHNITHE

Críochnófar an t-athbhreithniú le tuairisc(í) ó fhoireann an athbhreithnithe, a bhreithneoidh QQI ina dhiaidh sin. Leagfaidh an tuarascáil/na tuarascálacha amach cinneadh fhoireann an athbhreithnithe maidir le dearbhú cáilíochta an tsoláthraí.

Is iad na príomhthorthaí a bheidh le déanamh ag foireann an athbhreithnithe:

1. Cibé an bhfuil gnásanna DC seanbhunaithe curtha i bhfeidhm
2. A éifeachtaí atá na gnásanna dearbhaithe cáilíochta sin, le tagairt ar leith d'aon réimsí imní a aithnítear sna téarmaí tagartha
3. Cibé ar comhlíonadh na treoracha a d'eisigh QQI chuig an soláthraí roimhe seo
4. Aon ábhair eile a shainaithnítear sna téarmaí tagartha de bhun na dtorthaí, féadfaidh foireann an athbhreithnithe:
    1. a mholadh go n-eiseoidh QQI treoracha do sholáthraí maidir le héifeachtacht gnásanna DC an tsoláthraí sin.
    2. I gcás ina measann foireann an athbhreithnithe:

        a) Gur theip ar an soláthraí cloí leis na treoracha a d'eisigh QQI roimhe seo; nó

        b) Go bhfuil easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú gnásanna DC an tsoláthraí, d'fhéadfadh sé a mholadh go dtarraingeodh QQI a fhormheas do ghnásanna DC an tsoláthraí siar.

Ar mhaithe le cothromas agus iontaofacht, leagfaidh foireann an athbhreithnithe amach ina tuarascáil na forais atá le gach ceann dá torthaí agus dá moltaí. I gcás inar cuí, molfaidh foireann an athbhreithnithe gnásanna DC soláthraí agus a éifeachtaí atá siad.

## 2.9 FREAGAIRT AN TSOLÁTHRAÍ

Tar éis dréacht-tuarascáil(í) athbhreithnithe a fháil, beidh coicís ag an soláthraí le trácht a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cruinneas fíorasach. Féadfaidh an soláthraí freisin freagra a ullmhú ar thuarascáil(í) fhoireann an athbhreithnithe, a bhféadfadh plean agus sceideal chun aon mholtaí a rinne foireann an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm a bheith mar chuid de.

## 2.10 BREITHNIÚ QQI AR THORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE

Breithneoidh QQI tuairisc(í) fhoireann an athbhreithnithe, an deimhniú ar chruinneas fíricí (más ann dó) agus freagra an tsoláthraí (más ann dó). Tar éis breithniú a dhéanamh, féadfaidh QQI:

- Gan aon bheart eile a dhéanamh
- Ordacháin a eisiúint do sholáthraí maidir le héifeachtacht a ngnásanna DC
- Tarraingt siar an cheadaithe i leith gnásanna DC soláthraí a mholadh

## 2.11 CEADÚ GNÁSANNA DC A THARRAINGT SIAR

Más rud é go mbeartaíonn QQI ceadú gnásanna DC soláthraí a tharraingt siar, cuirfidh QQI an soláthraí agus aon chomhlacht dámhachtana ábhartha eile (i gcás soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu chun dámhachtainí a dhéanamh agus a bhfuil socruithe comhdhámhachtana déanta acu le forais cháiliúcháin eile) ar an eolas maidir leis sin agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis an tarraingt siar atá beartaithe. Beidh mí amháin ag an soláthraí ó sheirbheáil

an fhógra seo inar féidir tuairimí a chur faoi bhráid QQI i scríbhinn maidir leis na cúiseanna a thugtar leis an tarraingt siar atá beartaithe.

Más rud é, tar éis breithniú a dhéanamh ar na tuairimí scríofa, go gcinneann QQI gur cheart ceadú do ghnásanna DC a tharraingt siar, cuirfidh sé fógra i scríbhinn ar fáil don soláthraí ina ndéanfar go mbeidh an ceadú á tharraingt siar ó cibé dáta a mheasann sé a bheith cuí. Ní bheidh an dáta seo roimh an dáta ar a seirbheálfar fógra maidir le tarraingt siar.

I gcás ina dtarraingíonn QQI siar ceadú do ghnásanna DC soláthraí, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don soláthraí go bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas á tharraingt siar (de réir mar is infheidhme):

- bailíochtú aon chláir oideachais agus oiliúna atá bailíochtaithe aige
- údarás chun dámhachtainí a dhéanamh faoi údarás tarmligthe
- údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a úsáid

Sonrófar san fhógra an dáta óna mbeidh feidhm ag na haistarraingtí thuasluaite. Ní bheidh an dáta seo roimh an dáta ar a seirbheálfar fógra maidir le tarraingt siar agus cuirfear san áireamh leasanna na bhfoghlaimeoirí rollaithe.

## 2.12 DOICIMÉID AN ATHBHREITHNITHE A FHOILSIÚ

Foilseoidh QQI na téarmaí tagartha (mura bhfuil siad foilsithe cheana), tuairisc(í) fhoireann an athbhreithnithe, agus aon fhreagra ar an tuarascáil a sholáthróidh an soláthraí. Cuirfear gach gníomhaireacht agus foras ábhartha a bhfuil leas dílsithe acu sa soláthraí nó ina chuid clár ar an eolas faoin athbhreithniú agus faoi thorthaí an athbhreithnithe.

## 2.13 OBAIR LEANTACH TAR ÉIS AN ATHBHREITHNITHE

Ag deireadh an athbhreithnithe, aontóidh QQI leis an soláthraí ar amlíne agus ar phróiseas chun aon treoracha a fhorchuirtear nó aon mholtaí a dhéanfar le linn an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Tarlóidh an beart leantach tosaigh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an athbhreithnithe.

## 2.14 ACHOMHAIRC

Féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an bPainéal Achomharc in aghaidh tarraingt siar ceadaithe. Gheofar tuilleadh eolais ar an bpróiseas achomhairc reachtúil ar shuíomh Gréasáin QQI.